Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8417/23**

**SAN 216**
**PHARM 62**
**VETER 47**
**ENV 427**
**PHYTOSAN 21**
**RECH 149**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 191 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 191 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 191 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2023
COM(2023) 191 final

2023/0125 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin

{SWD(2023) 190 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

In 2019, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go raibh frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM) ar cheann de na 10 mbagairt dhomhanda ar an tsláinte phoiblí is mó a bhfuil an cine daonna ag tabhairt aghaidh orthu[1]. I mí Iúil 2022, shainaithin an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, go raibh FSFM ar cheann de na trí phríomhbhagairt sláinte atá ann san Aontas[2].

Ciallaíonn FSFM cumas miocrorgánaigh teacht slán nó fás áit a bhfuil tiúchan oibreáin fhrithmhiocróbaigh ar gnách gur leor é chun an miocrorgánach sin a chosc nó a mharú Is bagairt í atá ag dul i méid ar fud an domhain ar an tsláinte agus atá ina cúis le dúshláin mhóra shochaíocha agus eacnamaíocha[3]. Meastar go mbeadh 10 milliún bás ar fud an domhain gach bliain mar thoradh ar mhéadú leanúnach ar fhrithsheasmhacht, go mbeadh laghdú idir 2 % agus 3.5 % ar olltáirgeacht intíre dhomhanda agus go gcosnódh sé suas le USD 100 trilliún ar gheilleagar an domhain faoi 2050[4]. Is é FSFM is cúis le níos mó ná 35,000 bás gach bliain san Aontas/LEE[5].

Rinneadh dul chun cinn tábhachtach sa leigheas a bhuí le hábhair fhrithmhiocróbacha. Trí laghdú a dhéanamh ar an gcumas galair thógálacha a chosc agus a leigheas, tá FSFM ina bhagairt mhéadaitheach ar an gcumas máinliacht a dhéanamh, ar chóireáil a dhéanamh ar othair imdhíon-lagaithe, ar thrasphlandú orgán agus ar theiripe ailse, i measc rudaí eile. Tá tionchar ollmhór eacnamaíoch ag FSFM ar chórais cúraim sláinte[6] toisc go mbíonn cóireálacha níos casta, rátaí iontrála níos airde in ospidéil agus tréimhsí fanachta níos faide mar thoradh air. Tá slándáil bia agus sábháilteacht bia faoi bhagairt freisin ós rud é go ndéanann FSFM difear do shláinte ainmhithe agus do tháirgeadh bia.

Cé go dtarlaíonn FSFM go nádúrtha, fágann mí-úsáid agus ró-úsáid ábhar frithmhiocróbach i ndaoine, in ainmhithe agus i bplandaí go dtarlaíonn sé níos minice. Le cleachtais sláinteachais fho-optamacha agus cur chuige easnamhach maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú i suíomhanna cúraim sláinte, suíomhanna ina bhféadfadh an líon ionfhabhtaithe a bheith an-ard agus a bhféadfadh fadhbanna ar leith a bheith ag baint leo, ach go háirithe, i bhfianaise staid

1 https://www.who.int/news-room/spotlight/ten-threats-to-global-health-in-2019.

2 https://health.ec.europa.eu/publications/hera-factsheet-health-union-identifying-top-3-priority-health-threats_en.

3 Global mortality associated with 33 bacterial pathogens in 2019: [Básmhaireacht dhomhanda a bhaineann le 33 phataigin bhaictéaracha in 2019:] a systematic analysis for the Global Burden of Disease Study 2019 - The Lancet [anailís chórasach don Staidéar ar Ualach Domhanda an Ghalair 2019 - The Lancet].

4 Don tréimhse 2014-2050 - Antimicrobial Resistance: [Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha:] Tackling a crisis for the health and wealth of nations - The Review on Antimicrobial Resistance – December 2014.[Dul i ngleic le géarchéim ar mhaithe le sláinte agus saibhreas na náisiún - An tAthbhreithniú ar an bhFrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha – Nollaig 2014].

5 https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/Health-burden-infections-antibiotic-resistant-bacteria.pdf.

6 https://www.oecd.org/health/health-systems/AMR-Tackling-the-Burden-in-the-EU-OECD-ECDC-Briefing-Note-2019.pdf.

leochaileach na n-othar, ach freisin sa tréidliacht agus i bhfeirmeoireacht ainmhithe, cuireadh leis an deacracht sin. Ina theannta sin, tá níos mó fianaise ag teacht chun solais a léiríonn go bhfuil ról ag an gcomhshaol i bhforbairt agus i leathadh FSFM. Ar deireadh, de bharr dhomhandú na margaí agus go bhfuil níos mó daoine ag taisteal ar fud an domhain agus níos mó ainmhithe agus plandaí á n-iompar ar fud an domhain, mar aon le táirgí a dhíorthaítear astu, tá méadú tagtha ar leathadh FSFM.

Cé nach mór teacht a bheith i gcónaí ar na hábhair fhrithmhiocróbacha atá ann cheana, ní mór ábhair fhrithmhiocróbacha nua éifeachtacha a fhorbairt agus a bheith ar fáil chun dul i ngleic le frithsheasmhacht mhéadaitheach miocrorgánach i leith táirgí atá ann cheana. Mar sin féin, níl aon ábhar frithmhiocróbach nua ar na bacáin. I mí Aibreáin 2021, tar éis anailís a dhéanamh ar na hantaibheathaigh a formheasadh le déanaí, tháinig EDS ar an gconclúid nach leor na hantaibheathaigh sin chun dul i ngleic le dúshlán FSFM[7]. Thairis sin, tá béim curtha ag paindéim COVID-19 agus ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar spleáchais agus ar leochaileachtaí a thugann dúshlán don infhaighteacht agus do sholáthar na n-ábhar frithmhiocróbach atá ann cheana san Aontas[8].

- **Comhthéacs beartais**

In 2001, shainaithin an tAontas an tábhacht a bhain le dul i ngleic le FSFM trí straitéis Chomhphobail 2001 i gcoinne FSFM a ghlacadh[9]. Treisíodh an beartas sin le Plean Gníomhaíochta 2011-2016 ón gCoimisiún[10] a ceapadh chun gníomhaíocht a chothú i measc na mBallstát. I mí an Mheithimh 2017, ghlac an Coimisiún Plean Gníomhaíochta an Aontais 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne FSFM[11] ('Plean Gníomhaíochta FSFM 2017'), mar a d'iarr Ballstáit an Aontais sna Conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016[12]. Tá Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta 2011-2016, ar an meastóireacht a rinneadh air[13],

7 https://www.who.int/news/item/15-04-2021-global-shortage-of-innovative-antibiotics-fuels-emergence-and-spread-of-drug-resistance.

8 https://eu-jamrai.eu/wp-content/uploads/2021/07/1.3.1_Policy_brief_Improving_access_to_essential_antibiotic.pdf.

9 Communication from the Commission on a Community Strategy against antimicrobial resistance - [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Chomhphobail i gcoinne na frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha] COM/2001/0333final.

10 Communication from the Commission to the European Parliament and the Council Action plan against the rising threats from Antimicrobial Resistance[Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le plean gníomhaíochta i gcoinne na mbagairtí atá ag teacht chun cinn ó Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha] - COM/2011/748 final.

11 Communication from the Commission to the Council and the European Parliament - A European One Health Action Plan against Antimicrobial Resistance (AMR) - COM(2017) 339 final.[Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair Fhrithmhiocróbacha (FSFM) - COM(2017) 339 final.

12 Council conclusions of 17 June 2016 on the next steps under a One Health approach to combat antimicrobial resistance. [Conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile faoi chur chuige Aon Sláinte Amháin chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac].

13 https://health.ec.europa.eu/system/files/2020-01/amr_evaluation_2011-16_evaluation-action-plan_0.pdf.

ar an aiseolas a fuarthas ar threochlár an Choimisiúin maidir le FSFM[14], agus ar chomhairliúchán poiblí oscailte[15].

Ó glacadh Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM, chuir roinnt mórthionscnamh le freagairt an Aontais ar FSFM a threisiú tuilleadh. Áirítear leo *inter alia* an Cur Chuige Straitéiseach maidir le Cógaisíocht sa Chomhshaol[16], an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc'[17] agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach[18], Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] agus Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729[21] an Straitéis Chógaisíochta[22].

Sa bhreis ar na tionscnaimh sin, glacadh roinnt tograí sonracha, go háirithe an togra ón gCoimisiún maidir le liostaí na dtruailleán i screamhuisce agus in uisce dromchla a athbhreithniú[23], an togra ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an

14 https://ec.europa.eu/smart-regulation/roadmaps/docs/2016_sante_176_action_plan_against_amr_en.pdf

15 https://health.ec.europa.eu/consultations/open-public-consultation-possible-activities-under-commission-communication-one-health-action-plan_en.

16 Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee - European Union Strategic Approach to Pharmaceuticals in the Environment – COM (2019) 128 final. [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith na Cógaisíochta sa Chomhshaol COM(2019) 128 final].

17 Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions - A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system - COM/2020/381 final. [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol - COM/2020/381 final].

18 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social committee and the Committee of the Regions Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan:* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách, Plean Gníomhaíochta an Aontais:]'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' COM(2021) 400. ['I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú' COM(2021) 400].

19 Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lgh. 43-167).

20 Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Treoir (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle (IO L 4, 7.1.2019, lgh. 1).

21 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2020 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha i mbaictéir zónóiseacha agus chomhthíosacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/652/AE (IO L 387, 19.11.2020, lgh. 8.

22 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions - Pharmaceutical Strategy for Europe - COM/2020/761 final.*[Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal An Straitéis Chógaisíochta don Eoraip - COM/2020/761 final].

23 https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-amending-water-directives_en.

Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[24] agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán nua maidir le hAthchóiriú an Dúlra[25].

Thug paindéim COVID-19 mórshuaitheadh do chórais sláinte na mBallstát agus rinne sí laigí inár gcosaintí comhchoiteanna i gcoinne bagairtí sláinte a nochtadh agus ba í ba chúis le tuilleadh tionscnaimh beartais. Rinne an tAontas Aontas Sláinte na hEorpa[26] a sheoladh, rud a chuireann deiseanna ar fáil don chomhrac i gcoinne FSFM. Áirítear ar na bearta sin *inter alia* Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], Rialachán (AE) 2022/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] agus Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[29], rialacháin a tháinig i bhfeidhm in 2022. Áirítear orthu freisin clár EU4Health[30], go háirithe a ndeontais dhíreacha dar luach 50 milliún chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na mBallstát maidir le FSFM (gníomhaíocht chomhpháirteach chun tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach, faireachas, ardú feasachta agus neartú pleananna gníomhaíochta náisiúnta) don tréimhse 2023-2026 [31]agus Údarás an Choimisiúin um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) a chruthú[32]. Leis na rialacha nua sin, cruthaítear creat treisithe dlíthiúil agus airgeadais chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar acmhainneacht sláinte an Aontais i réimsí an choisc, na hullmhachta, an fhaireachais, an mheasúnaithe riosca, an luathrabhaidh agus na freagartha, lena n-áirítear maidir le FSFM. Tá FSFM i gcroílár Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais[33] freisin, straitéis a seoladh an 30 Samhain 2022. Ar deireadh, rian tábhachtach gníomhaíochta is ea FSFM den ghrúpa Ceithrepháirteach seao a leanas: Eagraíocht

---

24 https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-revised-urban-wastewater-treatment-directive_en.

25 https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/nature-restoration-law_en

26 Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions - Building a European Health Union: [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Aontas Sláinte na hEorpa a Chur ar Bun:]. Reinforcing the EU's resilience for cross-border health threats - COM(2020) 724 final [Treisiú le hathléimneacht an Aontais Eorpaigh i leith bagairtí sláinte trasteorann - COM(2020) 724 final]

27 Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022. lch. 26).

28 Rialachán (AE) 2022/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú (IO L 314, 6.12.2022, lch. 1).

29 Rialachán (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022, lgh. 1–37).

30 Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

31 https://ec.europa.eu/assets/sante/health/funding/wp2022_en.pdf.

32 Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandálaí Sláinte - C(2021) 6712 final.

33 Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions A European Strategy for Plastics in a Circular Economy COM/2022/675 final. [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Eorpach um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach - COM/2022/675 final].

Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta Aon Sláinte Amháin (2022-2026)[34].

- **Dúshláin maidir le FSFM**

Saincheist trasteorann thrasearnálach, Aon Sláinte Amháin is ea FSFM. Ciallaíonn sé sin go ndéanann sé difear do dhaoine, d'ainmhithe agus do phlandaí, chomh maith leis an gcomhshaol, agus go mbíonn tionchar aige ar chúram sláinte agus ar chórais táirgthe bia[35]. Ciallaíonn sé sin freisin gur cheart dul i ngleic leis sna hearnálacha sin go léir, lena mbaineann raon leathan páirtithe leasmhara, agus ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal domhanda.

Ag an am céanna, tá leibhéil éagsúla inniúlachta ag an Aontas agus ag na Ballstáit ar fud chur chuige na hAon Sláinte Amháin. Ina theannta sin, déanann FSFM difear do na Ballstáit ar bhealaí éagsúla, tá níos mó dúshlán os comhair roinnt tíortha ná a chéile maidir le dul i ngleic le FSFM agus le cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur i bhfeidhm.

Ó glacadh Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM, tá dul chun cinn déanta sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcomhrac i gcoinne FSFM. Tá go leor uirlisí á bhforbairt, uirlisí chun ionfhabhtuithe de bharr pataiginí frithsheasmhacha a chosc, a bhrath nó a chóireáil, lena n-áirítear tástálacha pointe cúraim a chinneann céannacht agus íogaireacht antaibheathach an orgánaigh ionfhabhtaithe go tapa sula ndéantar cinneadh maidir le hantaibheathach a úsáid nó gan é a úsáid. Chun na tástálacha sin a fhorbairt agus a chothabháil, beidh gá le faireachas leanúnach ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha ar an leibhéal domhanda trí theicneolaíochtaí géanómaíocha a úsáid. Tá tuilleadh dul chun cinn á dhéanamh ag an eolaíocht maidir le heolas agus uirlisí nua a ghiniúint agus maidir le táirgí nua a fhorbairt (e.g. ábhair fhrithmhiocróbacha, diagnóisic agus vacsaíní). Mar shampla, sa taighde leanúnach, dírítear ar chineálacha nua cur chuige a fhorbairt maidir le bainistiú cliniciúil agus cosc a chur ar ionfhabhtuithe baictéaracha frithsheasmhacha i suíomhanna ardleitheadúlachta agus ar líonra taighde cliniciúil uile-Eorpach a bhunú agus a fheidhmiú chun éifeachtúlacht a mhéadú maidir le tástáil agus forbairt a dhéanamh ar dhiagnóisic nua, straitéisí coisctheacha agus/nó teiripeacha le haghaidh galair thógálacha[36]. Tugann Luasaire FSFM faoin Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch[37] aghaidh ar go leor de na dúshláin eolaíocha a bhaineann le FSFM agus tacaíonn sé le bealaí nua a fhorbairt chun FSFM a chosc agus a chóireáil.

Le hathruithe iompraíochta agus sochaíocha, tá comhthéacs nua á mhúnlú freisin le haghaidh FSFM. Léirítear in Eorabharaiméadar Speisialta 2022 maidir le FSFM[38], cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ó bhí an tuarascáil Eorabharaiméadair dheireanach ann in 2018 [39], gur dúshlán fós é mí-úsáid ábhar frithmhiocróbach a

[34] https://www.who.int/publications/i/item/9789240059139.

[35] Cuireann Painéal Saineolaithe na hAon Sláinte Amháin (OHHLEP) sainmhíniú iomlán d'Aon Sláinte Amháin ar fáil faoi https://www.who.int/news/item/01-12-2021-tripartite-and-unep-support-ohhlep-s-definition-of-one-health.

[36] https://www.ecraid.eu/projects/ecraid-base/about-ecraid-base.

[37] https://amr-accelerator.eu.

[38] https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2632.

[39] https://health.ec.europa.eu/latest-updates/eurobarometer-antimicrobial-resistance-2018-11-15_en.

laghdú. Tá sé ríthábhachtach tomhaltas frithmhiocróbach a optamú agus feasacht an phobail ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar FSFM a fheabhsú chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a bhaint amach ar fud an Aontais.

Tá níos mó fianaise ag teacht chun solais freisin go bhfuil scaoileadh ábhar frithmhiocróbach amach sa chomhshaol ag spreagadh tréithchineálacha níos frithsheasmhaí.

- **Bogadh i dtreo creat comhleanúnach agus éifeachtach**

I bhfianaise chastacht FSFM, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt air trí chur chuige 'Aon Sláinte Amháin' laistigh de chreat comhleanúnach. A bhuí le comhar agus comhordú ar leibhéal an Aontais maidir le beartais FSFM, is féidir bealach níos comhleanúnaí, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach chun dul chun cinn a dhéanamh san Aontas agus rannchuidiú le hiarrachtaí domhanda.

Cé go bhfuil go leor dul chun cinn déanta san earnáil tréidliachta, go háirithe trí Rialacháin (AE) 2019/6 agus (AE) 2019/4 agus an sprioc maidir le díolacháin ábhar frithmhiocróbach a laghdú a leagtar amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, tá sé ríthábhachtach anois aghaidh a thabhairt ar shláinte an duine, áit a bhfuil iarrachtaí na mBallstát fós ríthábhachtach, agus gníomhaíocht a mhéadú i réimse an chomhshaoil. Is gá freisin spriocanna molta a leagan síos le haghaidh FSFM agus tomhaltas frithmhiocróbach maidir le sláinte an duine chun comhspriocanna a bhaint amach laistigh de thréimhse shonraithe ama agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar. Ina theannta sin, ba cheart forbairt agus inrochtaineacht ábhar frithmhiocróbach agus frithbheart leighis eile atá ábhartha chun FSFM a chomhrac i ndaoine a chur chun cinn agus ba cheart roghanna nuálacha airgeadais a chur chun feidhme chun tacú le forbairt ábhar frithmhiocróbach éifeachtach agus le rochtain orthu. Ní mór na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoi Phlean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM a leathnú agus a chomhlánú chun sineirgí a uasmhéadú agus chun freagairt níos láidre ar FSFM a bhaint amach ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.

Leis na gníomhaíochtaí atá molta leis an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle, is iad seo a leanas na cuspóirí:

– pleananna gníomhaíochta náisiúnta Aon Sláinte Amháin maidir le FSFM a neartú;

– faireachas agus faireachán ar FSFM agus ar AMC a threisiú;

– cosc agus rialú ionfhabhtaithe a neartú;

– maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach a neartú;

– spriocanna a mholadh maidir le FSFM agus tomhaltas frithmhiocróbach i sláinte an duine;

– feasacht, oideachas agus oiliúint a fheabhsú;

– taighde agus forbairt a chothú, mar aon le dreasachtaí le haghaidh nuálaíochta agus rochtana ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar fhrithbhearta leighis eile FSFM;

– comhar a mhéadú; agus

– feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí domhanda.

An togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le FSFM, déantar an tráth céanna é leis na bearta a bhaineann le FSFM a moladh faoin athbhreithniú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais[40] (i.e. chun forbairt ábhar frithmhiocróbach nuálach nua a dhreasú, chun a áirithiú go mbainfear úsáid stuama astu agus chun an measúnú riosca don chomhshaol a neartú mar chuid den údarú margaíochta). I dteannta a chéile, comhlánóidh siad agus cuirfidh siad síneadh leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Phlean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM agus tabharfaidh siad don Aontas na huirlisí a theastaíonn uaidh chun dul i ngleic leis an bpaindéim thostach seo a chomhrac.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá cuspóirí an togra seo comhsheasmhach leis na bearta atá ann cheana sa réimse beartais, agus go háirithe le Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM, arb é is aidhm dó: (i) réigiún dea-chleachtais a dhéanamh den Aontas sa chomhrac i gcoinne FSFM; (ii) an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht a spreagadh; agus (iii) an clár oibre domhanda a mhúnlú. Tá sé comhsheasmhach freisin leis an méid seo a leanas:

– an Cur Chuige Straitéiseach maidir le Cógaisíocht sa Chomhshaol lena n-áirítear roinnt gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le FSFM;

– Rialachán (AE) 2019/6 agus Rialachán (AE) 2019/4 lena bhforáiltear raon leathan beart chun FSFM a chomhrac;

– Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1729 ón gCoimisiún;

– an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip inar aithníodh roinnt dúshlán FSFM lena n-áirítear an easpa infheistíochta in ábhair fhrithmhiocróbacha agus úsáid mhíchuí antaibheathach, dúshláin a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu anois trí na tograí reachtacha cógaisíochta;

– clár EU4Health (2021-2027) agus an clár Fís Eorpach (2021-2027) faoina ndéantar roinnt gníomhaíochtaí i gcoinne FSFM a chistiú; agus

– an Straitéis Sláinte Domhanda ina n-iarrtar, faoi cheann dá treoirphrionsabail, cur chuige cuimsitheach 'Aon Sláinte Amháin' a chur i bhfeidhm agus an comhrac i gcoinne FSFM a threisiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá cuspóirí an togra seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe an comhbheartas talmhaíochta[41] ina liostaítear FSFM i measc a phríomhchuspóirí[42], an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus an Plean

40 Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/83/CE [agus lena leasaítear Treoracha] agus Treoir 2009/35/CE agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1394/2007 agus (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 726/2004, (CE) Uimh. 141/2000 agus (CE) Uimh. 1901/2006.

41 https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/cap-overview/cap-glance_en.

42 https://agriculture.ec.europa.eu/common-agricultural-policy/cap-overview/new-cap-2023-27/key-policy-objectives-new-cap_en; agus Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach

Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, a bhfuil sé d'aidhm acu díolacháin fhoriomlána ábhar frithmhiocróbach an Aontais d’ainmhithe feirmshaothraithe agus sa dobharshaothrú a laghdú 50 % faoi 2030 Chuir an clár Fís 2020[43] breis agus EUR 690 milliún ar fáil chun tacú leis an taighde agus an nuálaíocht maidir le FSFM mar chuid de phunann taighde níos leithne maidir le galair thógálacha. Tá tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht FSFM ag leanúint ar aghaidh anois faoin gclár Fís Eorpach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Foráiltear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(6), go bhféadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí a ghlacadh chun na gcríoch atá leagtha amach san Airteagal sin. Áirítear leis sin an fhéidearthacht moladh a ghlacadh maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac i gcur chuige na hAon Sláinte Amháin, lena gcomhlánaítear beartais náisiúnta agus lena rannchuidítear leis an gcomhrac i gcoinne FSFM, ar saincheist mhór sláinte é san Aontas.

- **Coimhdeacht**

Saincheist thrasearnálach agus trasteorann is ea FSFM, a dhéanann difear do shláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí, agus don chomhshaol. Tá gá le freagairt láidir chomhordaithe. Tá breisluach soiléir ag baint le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar FSFM ar leibhéal an Aontais ós rud é nach féidir le haon Bhallstát amháin réiteach leordhóthanach a sholáthar as a stuaim féin.

Sa togra seo le haghaidh moladh ón gComhairle, leagtar amach réimsí inar féidir leis na Ballstáit gníomhú ar bhealach comhleanúnach comhordaithe, agus urraim á tabhairt dá bhfreagrachtaí maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus maidir le seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 168(7) CFAE.

- **Comhréireacht**

Dá bhrí sin, tá an togra oiriúnach chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach.

- **An rogha ionstraime**

Is ionstraim iomchuí é moladh ón gComhairle a úsáideadh go minic le haghaidh gníomhaíochtaí Aontais i réimse na sláinte poiblí. Mar ionstraim dlí, léiríonn sé toil pholaitiúil na mBallstát na bearta a chuirtear i láthair a bhaint amach agus comhoibriú sa réimse sin, agus inniúlachtaí na mBallstát i réimse na sláinte poiblí á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

---

Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

43 Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104-173).

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST* Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Le Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM, cuirtear creat ar fáil le haghaidh gníomhaíocht leanúnach agus fairsing chun teacht chun cinn agus leathadh FSFM a laghdú. Níl meastóireacht ar Phlean Gníomhaíochta FSFM 2017 indéanta go fóill toisc go bhfuil sé fós á chur chun feidhme. Mar sin féin, tacaítear leis an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an togra seo le haghaidh moladh ón gComhairle le staidéar anailíse a sheasfaidh an aimsir agus lena ndéantar measúnú ar thorthaí Phlean Gníomhaíochta 2017 FSFM go dtí seo agus lena sainaithnítear tosaíochtaí chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe don todhchaí.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bailíodh ionchur trí ghlao ar fhianaise maidir le 'An Fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair Fhrithmhiocróbacha - Moladh le haghaidh gníomhaíocht bhreise'[44], a bhí ar siúl ón 24 Feabhra 2022 go dtí an 24 Márta 2022, le 161 mhír aiseolais uathúil agus 28 ndoiciméad ábhartha.

Bailíodh tuairimí na bpáirtithe leasmhara freisin trí chomhairliúcháin spriocdhírithe leis na Ballstáit agus le saineolaithe i réimse FSFM a rinneadh i gcomhthéacs na staidéar éagsúil agus na dtuarascálacha éagsúla a chuirtear leis an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bailíodh ionchur don togra ó na staidéir agus na tuarascálacha seo a leanas:

- staidéar ar anailís a sheasfaidh an aimsir ar Phlean Gníomhaíochta AE maidir le FSFM (i) chun dúshláin agus deiseanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a shainaithint don chomhrac i gcoinne FSFM agus réimsí gníomhaíochta an Aontais a shainaithint agus (ii) réamh-mheasúnú a dhéanamh ar chuid de ghníomhaíochtaí Phlean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM[45];
- dhá staidéar chun tacú le seirbhísí an Choimisiúin[46] (i) maidir le hindéantacht FSFM i ndáil le stoc-charnadh[47] agus (ii) chun frithbhearta leighis FSFM a thabhairt chuig an margadh[48];
- tuairim maidir le '*Managing antimicrobial resistance across the health system' from the independent expert panel on effective ways of investing in health*

44 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13322-Antimicrobial-resistance-recommendation-for-greater-action_en.

45 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia, Staidéar ar anailís a sheasfaidh an aimsir ar phlean gníomhaíochta 2017 FSFM: tuarascáil chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2875/636347.

46 Staidéir arna gcoimisiúnú ag an an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandálaí Sláinte (HERA)

47 https://health.ec.europa.eu/latest-updates/hera-commissioned-feasibility-study-stockpiling-antimicrobials-against-amr-published-2023-02-02_en.

48 An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, *Study on bringing AMR medical countermeasures to the market:* [Staidéar ar fhrithbhearta leighis FSFM a thabhairt chuig an margadh:] *final report* [tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023,, https://data.europa.eu/doi/10.2925/442912.

[‘Bainistiú a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha ar fud an chórais sláinte’ ón bpainéal saineolaithe neamhspleách maidir le bealaí éifeachtacha chun infheistíocht a dhéanamh sa tsláinte[49];

– *overview report on Member States' One Health National Action Plans against AMR* [tuarascáil forléargais ar Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta na mBallstát maidir le Aon Sláinte Amháin i gcoinne FSFM][50];

– torthaí Eorabharaiméadar 2022 maidir le FSFM; agus

– tuarascáil ón bhfoghrúpa[51] faoi Líonra FSFM an Aontais maidir le Aon Sláinte Amháin[52].

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair mar gheall ar chur chuige comhlántach na ngníomhaíochtaí molta maidir le tionscnaimh na mBallstát, mar gheall ar chineál neamhcheangailteach deonach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, agus mar gheall ar an tsaoirse atá ag na Ballstáit a gcur chuige a chur in oiriúint do riachtanais náisiúnta. Bhí staidéir, comhairliúcháin leis na Ballstáit agus glao ar fhianaise bunaithe ar fhorbairt an togra.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart, faoi Airteagal 35, ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ceann ar bith

[49] https://health.ec.europa.eu/publications/managing-antimicrobial-resistance-across-health-system-0_en

[50] https://health.ec.europa.eu/publications/overview-report-member-states-one-health-national-action-plans-against-antimicrobial-resistance_en.

[51] Cuireadh de chúram ar an bhfoghrúpa sin saineolas agus tuairimí teicniúla ó na Ballstáit a chur ar fáil, '*to the Commission on needed concrete objectives and activities to strengthen EU and Member States action against antimicrobial resistance (AMR), in particular in the area of public health, animal health, plant health and the environment, taking into account the latest policy developments and the need to decrease antimicrobial resistance*' [‘don Choimisiún maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí nithiúla a bhfuil gá leo chun gníomhaíocht an Aontais agus na mBallstát i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM) a neartú, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus an chomhshaoil, agus na forbairtí beartais is déanaí agus an gá atá le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a laghdú á gcur san áireamh’].

[52] https://health.ec.europa.eu/latest-updates/final-report-subgroup-established-under-eu-amr-one-health-network-formulate-suggestions-amr-actions-2022-09-05_en.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

  Tuairisceoidh an Coimisiún [4 bliana tar éis a ghlactha] maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Mholta seo. Chuige sin, forbrófar creat faireacháin.

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí Iúil 2022, shainaithin an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM) mar cheann de na trí bhagairt tosaíochta ar an tsláinte[1]. Meastar go bhfaigheann níos mó ná 35,000 duine bás gach bliain san AE/LEE mar thoradh díreach ar ionfhabhtú mar gheall ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach[2]. Tá tionchar sláinte FSFM inchomparáide leis an tionchar a bhíonn ag an bhfliú, ag an eitinn agus ag VEID/SEIF le chéile. Ar an iomlán, léiríonn na sonraí is déanaí[3] go bhfuil méadú suntasach ag teacht ar threochtaí i líon na n-ionfhabhtuithe agus na mbásanna inchurtha i gcás beagnach gach teaglaim baictéar-antaibheathach, go háirithe i suíomhanna cúraim sláinte. Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ab ea thart ar 70 % de na cásanna ionfhabhtuithe le baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

(2) Tá iarmhairtí tromchúiseacha ag FSFM do shláinte an duine agus don gheilleagar ar chórais cúraim sláinte. Trí laghdú a dhéanamh ar an gcumas galair thógálacha a chosc agus a chóireáil, tá FSFM ag bagairt *inter alia* ar an gcumas chun máinliacht a dhéanamh, cóireáil a chur ar othair atá lagaithe maidir le himdhíonacht, trasphlandú orgán agus teiripe ailse a dhéanamh. Bíonn costais arda ar chórais cúraim sláinte na dtíortha AE/LEE mar thoradh air[4]. Tá FSFM ina bhagairt freisin do shábháilteacht bia agus do shlándáil bia toisc go bhfuil tionchar aige ar shláinte ainmhithe agus ar chórais táirgthe.

(3) Saincheist Aon Sláinte Amháin is ea FSFM, rud a chiallaíonn go gcuimsíonn sé sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus an comhshaol, agus gur bagairt ilghnéitheach trasteorann í don tsláinte nach féidir le hearnáil amháin go neamhspleách nó le tíortha aonair dul i ngleic léi. Chun dul i ngleic le FSFM, tá gá le hardleibhéal comhair idir earnálacha agus idir tíortha, lena n-áirítear ar an leibhéal domhanda.

---

1 https://health.ec.europa.eu/publications/hera-factsheet-health-union-identifying-top-3-priority-health-threats_en.

2 https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/Health-burden-infections-antibiotic-resistant-bacteria.pdf.

3 https://www.ecdc.europa.eu/en/news-events/eaad-2022-launch.

4 https://www.oecd.org/health/health-systems/AMR-Tackling-the-Burden-in-the-EU-OECD-ECDC-Briefing-Note-2019.pdf.

(4) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2017 dar teideal '*A European One Health Action Plan against AMR*' [Plean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin i gcoinne FSFM] ('Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM')[5] leagtar amach breis agus 70 gníomhaíocht lena gcumhdaítear sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus an comhshaol, a ndearnadh faireachán rialta ar a ndul chun cinn[6]. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta, go háirithe i réimsí shláinte an duine agus an chomhshaoil, rud a éilíonn ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit níos mó airde a thabhairt ar na réimsí sin tríd an Moladh seo.

(5) Cuireann Clár EU4Health[7] infheistíocht shuntasach ar fáil chun FSFM a chomhrac, go háirithe trí dheontais dhíreacha d'údaráis na mBallstát chun bearta FSFM a chur chun feidhme, i measc nithe eile ag tacú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Aon Sláinte Amháin maidir le FSFM, ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú maidir le hionfhabhtuithe arna dtolgadh sa phobal agus straitéisí a bhaineann le cúram sláinte araon agus straitéisí maoirseachta frithmhiocróbacha. Ba cheart go dtacódh sé sin le cur chun feidhme an Mholta seo ón gComhairle ar fud na mBallstát. Leis an gclár Fís Eorpach[8], cuirfear tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus do chomhpháirtíocht maidir le FSFM Aon Sláinte Amháin,[9], agus d'fhéadfadh maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta[10] agus cúnamh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[11] tacaíocht bhreise a chur ar fáil do chur chun feidhme an Mholta seo ón gComhairle.

(6) Tá Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Aon Sláinte FSFM riachtanach chun freagairt chomhordaithe ar FSFM a bhaint amach ar fud earnálacha éagsúla. I ndearbhú polaitiúil 2016 ó chruinniú ardleibhéil na Náisiún Aontaithe den Chomhthionól Ginearálta maidir le FSFM[12], gheall na Ballstáit go n-oibreoidís ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda chun pleananna gníomhaíochta ilearnálacha a fhorbairt, i gcomhréir le rún 68.7 ón gComhthionól Domhanda Sláinte, i gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin agus leis an bPlean Gníomhaíochta Domhanda maidir le FSFM[13]. I gConclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016[14] iarradh ar na Ballstáit plean gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne FSFM a bheith i bhfeidhm acu roimh lár na bliana 2017, bunaithe ar chur chuige na

---

5 https://health.ec.europa.eu/system/files/2020-01/amr_2017_action-plan_0.pdf.

6 https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-04/amr_2018-2022_actionplan_progressreport_en.pdf.

7 Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

8 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1-68).

9 https://cordis.europa.eu/programme/id/HORIZON_HORIZON-HLTH-2024-DISEASE-09-01; https://research-and-innovation.ec.europa.eu/system/files/2022-02/ec_rtd_he-partnerships-onehealth-amr.pdf.

10 https://www.eib.org/en/index.htm.

11 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

12 https://digitallibrary.un.org/record/845917#record-files-collapse-header.

13 https://www.who.int/publications/i/item/9789241509763.

14 Council conclusions of 17 June 2016 on the next steps under a One Health approach to combat antimicrobial resistance. [Conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile faoi chur chuige Aon Sláinte Amháin chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac].

hAon Sláinte Amháin agus i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Domhanda EDS maidir le FSFM.

(7) Ina thuarascáil fhorléargais an 18 Deireadh Fómhair 2022[15], chinn an Coimisiún, cé go raibh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i bhfeidhm sna Ballstáit uile, agus an chuid is mó acu bunaithe ar chur chuige na hAon Sláinte Amháin, go pointe áirithe ar a laghad, go raibh éagsúlacht mhór sna pleananna gníomhaíochta sin ó thaobh inneachair agus sonraí de. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart go n-oibreodh go leor Ballstát ar bhealach atá níos mó i gcomhréir leis an gcur chuige 'Aon Sláinte Amháin', go háirithe maidir le bearta a bhaineann leis an gcomhshaol, ar minic iad in easnamh nó gan bheith forbartha go maith. Ar deireadh, tríd is tríd, ní dhearnadh croí-chomhpháirteanna, amhail na codanna oibríochtúla, faireacháin agus meastóireachta, a fhorbairt go maith sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta iad féin, ná ní raibh siad ar fáil i ndoiciméid ghaolmhara. Ina theannta sin, bhí faisnéis bhuiséadaithe in easnamh den chuid is mó sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta. Tá na saincheisteanna sin ina n-ábhar imní maidir le cur chun feidhme inbhuanaithe na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm sna Ballstáit chun a áirithiú go mbainfear a gcuspóirí straitéiseacha amach go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil Plean Gníomhaíochta Náisiúnta acu bunaithe ar chur chuige na hAon Sláinte Amháin, agus struchtúr, faireachán agus acmhainní iomchuí mar bhonn taca leis.

(8) Tá faireachas agus faireachán láidir ar FSFM agus ar thomhaltas frithmhiocróbach (AMC) ar gach leibhéal de réimse shláinte an duine, agus sna hearnálacha tréidliachta, plandaí agus comhshaoil freisin, ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar leathadh FSFM, chun tacú le húsáid stuama ábhar frithmhiocróbach agus chun bonn eolais a chur faoi fhreagairtí um ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú.

(9) Ní mór do na Ballstáit sonraí ábhartha inchomparáide a bhailiú maidir le líon díolacháin táirgí íocshláinte tréidliachta frithmhiocróbacha agus maidir le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha de réir speicis ainmhithe[16]. Cé go bhfágann cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] gur féidir feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus faisnéise inchomparáide agus comhoiriúnachaí maidir le FSFM agus AMC, is gá do na Ballstáit gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun bearnaí faireachais agus faireacháin atá ann cheana a dhúnadh agus chun iomláine na sonraí maidir le FSFM agus AMC araon a áirithiú ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí shonraí a mholadh atá le tuairisciú agus trí chórais chomhtháite a fhorbairt chun faireachas a dhéanamh ar FSFM agus AMC lena gcuimsítear sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, bia, fuíolluisce agus an comhshaol.

(10) Tá gá le tuilleadh fianaise maidir le forbairt agus leathadh FSFM trí theagmháil táirgí cosanta plandaí agus táirgí bithicídeacha le pataiginí. Ba cheart an fhéidearthacht go bhforbrófaí frithsheasmhacht den sórt sin a chur san áireamh mar chuid den mheastóireacht sábháilteachta agus den chinnteoireacht maidir le táirgí cosanta plandaí agus le táirgí bithicídeacha.

---

15 https://health.ec.europa.eu/publications/overview-report-member-states-one-health-national-action-plans-against-antimicrobial-resistance_en.

16 i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta.

17 Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022. lch. 26)).

(11) Cé go bhfuil béim níos lú ar an ngné chomhshaoil de FSFM i gcomparáid le FSFM maidir le sláinte an duine nó sláinte ainmhithe, tá níos mó fianaise ag teacht chun solais go bhféadfadh an comhshaol nádúrtha a bheith ina thaiscumar mór agus ina spreagadh FSFM. I gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin, tá sé ríthábhachtach faireachán comhshaoil a dhéanamh ar FSFM i bhfionnuisce, i bhfuíolluisce agus in ithreacha talmhaíochta chun tuiscint bhreise a fháil ar an ról atá ag iarmhair fhrithmhiocróbacha a bheith i láthair sa chomhshaol maidir le teacht chun cinn agus leathadh FSFM, maidir le leibhéil an éillithe chomhshaoil agus leis na rioscaí a bhaineann le sláinte an duine. Tá faireachán riachtanach freisin chun sonraí cliniciúla a chomhlánú trí ábhar samplála ó dhaonra mór a chur ar fáil.

(12) Faightear iarmhair táirgí íocshláinte go forleathan i bhfionnuisce (uisce dromchla agus screamhuisce) agus in ithreacha, agus léiríonn roinnt foilseachán gur féidir le hiarmhair antaibheathach cur le FSFM. Is pointe iontrála féideartha géinte agus orgánaigh FSFM amach sa chomhshaol iad gléasraí cóireála fuíolluisce.

(13) Cé go bhfuil sé d'aidhm ag tograí Fhómhar 2022 ón gCoimisiún an faireachán comhshaoil ar FSFM i bhfionnuisce, i bhfuíolluisce agus in ithreacha talmhaíochta a neartú[18], aithnítear gur gá dul i mbun cur chuige comhtháite FSFMA na hAon Sláinte Amháin le haghaidh córais faireachais, lena n-áirítear an comhshaol[19]. Tá gá le faireachas comhtháite ar thorthaí miocrorgánach atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí i ndaoine, in ainmhithe, i bplandaí, i mbia, i bhfuíolluisce agus sa chomhshaol chun ráigeanna a bhrath agus a chosc go tapa agus chun dul i ngleic le FSFM ar fud earnálacha. D'fhéadfadh coigilteas airgeadais teacht as comhar níos dlúithe ar fud na n-earnálacha sin freisin. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas sin sonraí agus faisnéis a chomhroinnt ar fud na n-earnálacha chun freagairt níos éifeachtaí agus níos comhordaithe a thabhairt ar FSFM a chomhrac. Is féidir leis na sonraí a chuireann na córais faireachais sin ar fáil tuiscint níos fearr a thabhairt ar eipidéimeolaíocht chasta FSFM chun gur féidir moltaí beartais a threorú agus tionscnaimh a fhorbairt chun freagairt do rioscaí FSFM sula n-éiríonn siad ina n-éigeandálaí mórscála.

(14) Cuidíonn cosc agus rialú láidir ionfhabhtaithe, go háirithe i suíomhanna géarchúraim amhail ospidéil agus i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, le FSFM a chomhrac. Le paindéim COVID-19, méadaíodh an fheasacht maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear bearta sláinteachais, chun laghdú ar tharchur miocrób a chur chun cinn, lena n-áirítear miocróib fhrithsheasmhacha. Mar sin féin, agus os cionn 70 % d'ualach FSFM ann mar gheall ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte, tá gá le soláthar níos fearr d'ardchaighdeáin maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú. Áirítear leis sin freisin ardchaighdeáin sábháilteachta othar.

(15) Cé go n-aithnítear go maith go bhfuil úsáid mhíchuí ábhar frithmhiocróbach, i ndaoine agus in ainmhithe araon, ar an rud is mó is cúis le leibhéil mhéadaithe FSFM, tá

---

18 Togra ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce. COM(2022) 540 final 2022/0344 (COD) agus Togra ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 le haghaidh Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú) COM (2022) 541 final).

19 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia, Staidéar ar anailís a sheasfaidh an aimsir ar phlean gníomhaíochta 2017 FSFM: tuarascáil chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2875/636347.

tuarascálacha comhsheasmhacha ann maidir le heasnaimh a bhaineann le leibhéil arda maoirseachta frithmhiocróbach a áirithiú ar fud na mBallstát. Is gnéithe ríthábhachtacha iad úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach agus ardchaighdeáin maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú ar leibhéal an phobail, na n-ospidéal agus na saoráidí cúraim fhadtéarmaigh ó thaobh teacht chun cinn agus forbairt FSFM a laghdú. Comhlánaíonn an Moladh sin Moladh ón gComhairle an 15 Samhain 2001 maidir le húsáid stuama oibreán frithmhiocróbach i leigheas an duine[20], an Moladh ón gComhairle an 9 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht othar, lena n-áirítear ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú[21], agus treoirlínte 2017 maidir le húsáid stuama ábhar frithmhiocróbach i sláinte an duine[22]. Comhlánaíonn sé freisin an t-athbhreithniú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais lena moltar, sa Treoir athbhreithnithe maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine[23], bearta rialála sonracha a thabhairt isteach chun úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach a fheabhsú.

(16) Mar thoradh ar FSFM tá méadú ar ghalracht agus ar mhortlaíocht na n-ainmhithe. Cuireann sé sláinte agus leas ainmhithe i mbaol agus, dá bhrí sin, táirgiúlacht ainmhithe, agus tá tionchar mór socheacnamaíoch aige ar earnáil na talmhaíochta. Bíonn tionchar ag sláinte agus leas ainmhithe ar shábháilteacht an bhiashlabhra, go háirithe iad siúd a shaothraítear le haghaidh táirgeadh bia. Ach ardleibhéal sláinte agus leasa ainmhithe a áirithiú, cuirtear feabhas ar athléimneacht ainmhithe, rud a fhágann nach bhfuil siad chomh leochaileach céanna i leith galar, rud a chabhraíonn le húsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú.

(17) D’fhéadfadh forbairt FSFM teacht as sloda séarachais agus aoileach a chur i bhfeidhm mar leasacháin ar ithir talmhaíochta trí bhaictéir agus géinte atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a leathadh sa chomhshaol, agus an slabhra bia á éilliú tuilleadh dá réir. Cé go bhfuil gá le tuilleadh sonraí, tá gá le cleachtais bhainistithe aoiligh stuama a thabhairt isteach.

(18) Is bealach éifeachtach é spriocanna nithiúla intomhaiste a leagan síos chun spriocanna a bhaint amach a bhaineann le FSFM a chosc agus a laghdú laistigh de thréimhse shonraithe ama agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn[24]. Rinneadh plé idirnáisiúnta ar spriocanna FSFM, mar shampla i gcomhthéacs an Tascfhórsa Thrasatlantaigh um Fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair Fhrithmhiocróbacha[25], Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe[26] agus G7[27]. Le déanaí, i mí

---

20 Moladh ón gComhairle an 15 Samhain 2001 maidir le húsáid stuama oibreán frithmhiocróbach i leigheas an duine (IO L 34, 5.2.2002, lch. 13).

21 Moladh ón gComhairle an 9 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht othar, lena n-áirítear ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú (IO C 151, 3.7.2009, lch. 1).

22 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52017XC0701(01).

23 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cód an Aontais i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/83/CE [agus lena leasaítear Treoracha] agus Treoir 2009/35/CE.

24 ECDC, EFSA and EMA Joint Scientific Opinion on a list of outcome indicators as regards surveillance of antimicrobial resistance and antimicrobial consumption in humans and food-producing animals.[Tuairim Chomhpháirteach Eolaíoch ó ECDC, EFSA agus EMA a mhéid a bhaineann le liosta táscairí toraidh i ndáil le faireachas ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar thomhaltas frithmhiocróbach i ndaoine agus i mbia-ainmhithe].

25 https://www.cdc.gov/drugresistance/tatfar/index.html.

26 https://sdgs.un.org/goals.

27 https://www.g7germany.de/resource/blob/974430/2042058/5651daa321517b089cdccfaffd1e37a1/2022-05-20-g7-health-ministers-communique-data.pdf.

na Samhna 2022, ag an tríú Comhdháil Aireachta Ardleibhéil Dhomhanda maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair Fhrithmhiocróbacha, aithníodh an luach a bhaineann le spriocanna a leagan síos chun gníomhaíocht pholaitiúil láidir náisiúnta agus dhomhanda a spreagadh agus iarrachtaí agus tiomantas a chomhdhlúthú[28].

(19) Áiríodh sprioc chun laghdú 50 % a dhéanamh ar dhíolachán foriomlán ábhar frithmhiocróbach i gcás ainmhithe feirmshaothraithe agus sa dobharshaothrú faoi 2030 sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[29]agus sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach[30] agus ba cheart faireachán a dhéanamh ar úsáid laghdaithe ábhar frithmhiocróbach i measc ainmhithe feirmshaothraithe trí bhearta tacaíochta an chomhbheartais talmhaíochta[31], ach mar sin féin, níl aon sprioc ann faoi láthair a bhaineann le FSFM in earnáil shláinte an duine ar leibhéal an Aontais. Tá spriocanna nithiúla ceaptha ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, spriocanna lena laghdófaí úsáid neamhriachtanach ábhar frithmhiocróbach. Sna spriocanna atá molta ar leibhéal na mBallstát, tugtar aird chuí ar gach cás náisiúnta agus ar leibhéil éagsúla tomhaltais fhrithmhiocróbacha agus ar leathadh na bpríomhphataiginí frithsheasmhacha. Léiríonn siad leibhéal na n-iarrachtaí atá le déanamh ag gach Ballstát chun spriocanna coiteanna an Aontais a bhaint amach agus gan sláinte agus sábháilteacht othar a chur i mbaol an tráth céanna. Ina theannta sin, éascaítear tacaíocht spriocdhírithe leo i gcás inar gá agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar sna blianta atá le teacht.

(20) Is uirlis úsáideach é spriocanna molta maidir le AMC agus FSFM a chur ar bun ar leibhéal an Aontais chun an dul chun cinn a bhaint amach agus faireachán a dhéanamh air i ndáil leis na fachtóirí bunúsacha a imríonn tionchar ar FSFM, go háirithe tomhaltas frithmhiocróbach, agus leathadh FSFM, go háirithe maidir le pataiginí arb iad an t-ualach agus an bhagairt is mó ar an tsláinte phoiblí san Aontas. Tá na spriocanna a mholtar bunaithe ar shonraí atá ann cheana a tuairiscíodh faoi fhaireachas an Aontais in 2019[32], a roghnaíodh mar bhliain bhonnlíne, ós rud é go meastar gur cás

---

[28] https://fm.gov.om/global-conference-on-antimicrobial-resistance-issues-muscat-manifesto/.

[29] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions - A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system - COM/2020/381 final. [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol - COM/2020/381 final].

[30] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social committee and the Committee of the Regions Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan:* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách, Plean Gníomhaíochta an Aontais:]'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' COM(2021) 400. ['I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú' COM(2021) 400].

[31] Ar bhonn tháscaire toraidh R.43 (an sciar de na haonaid bheostoic a bhfuil baint acu le bearta a fhaigheann tacaíocht chun srian a chur le húsáid antaibheathach) de Rialachán na bPleananna Straitéiseacha CBT (Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

[32] Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil cheana ón Líonra Eorpach um Fhaireachas ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (EARS-Net).

eisceachtúil é an staid in 2020 agus 2021 agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé míchuí a bheith mar bhonn, mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ar na bearta sriantacha neamhghnácha a bhí i bhfeidhm. Ba cheart go rannchuideodh na spriocanna molta le spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach agus is féidir iad a chomhlánú le spriocanna náisiúnta lena gcumhdaítear gnéithe eile a bhaineann le FSFM, amhail ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha, cleachtais oidis agus oiliúint.

(21) Léirítear in Eorabharaiméadar Speisialta 2022 maidir le FSFM[33] go bhfuil eolas faoi antaibheathaigh fós in easnamh san Aontas agus nach bhfuil ach leath de na daoine a cheistítear ar an eolas go bhfuil antaibheathaigh neamhéifeachtach i gcoinne víreas, agus go bhfuil difríochtaí móra fós ann i bhfeasacht shaoránaigh an Aontais ar fud na mBallstát. Ina theannta sin, tá beagnach duine as gach deichniúr saoránach de chuid an Aontais ag glacadh antaibheathaigh gan oideas. Léiríonn na torthaí sin gur gá gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta maidir le FSFM agus úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach ar gach leibhéal a mhéadú agus a fheabhsú mar mhodh chun eolas agus athrú iompraíochta a chur chun cinn.

(22) Tá ról tábhachtach ag oideachas, feasacht agus oiliúint gairmithe atá ag obair in earnálacha sláinte an duine, tréidliachta agus agranamaíochta maidir le FSFM, maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú agus maidir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin sa chomhrac i gcoinne FSFM, de bharr, go háirithe, an ról atá acu mar thaca le húsáid stuama ábhar frithmhiocróbach agus le hoideoirí othar agus feirmeoirí. Sna cláir oideachais leanúnacha agus sna curaclaim ba cheart go n-áireofaí cúrsaí oiliúna éigeantacha agus inniúlachta trasearnála éigeantacha maidir le FSFM, maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, maidir le riosca comhshaoil, maidir leis an mbithshlándáil agus maidir le maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha, de réir mar is iomchuí.

(23) De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), formheasadh 11 antaibheathach nua (an Coimisiún nó Údarás Bia agus Drugaí SAM nó an dá cheann acu a d'fhormheas) ó bhí mhí Iúil 2017 ann. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, tá tairbhe chliniciúil theoranta ag na hantaibheathaigh nua-fhormheasta sa bhreis ar na cóireálacha atá ann cheana, ós rud é go dtagann os cionn 80 % díobh ó aicmí atá ann cheana ina bhfuil sásraí frithsheasmhachta dea-bhunaithe agus ina bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh frithsheasmhacht chun cinn go tapa. Faoi láthair tá 43 antaibheathach agus comhcheangal le heintiteas teiripeach nua á bhforbairt. Ní chomhlíonann ach roinnt acu ceann amháin ar a laghad de chritéir nuálaíochta EDS (i.e. easpa tras-fhrithsheasmhachta aitheanta, suíomh nua ceangailteach, modh gníomhaíochta agus/nó aicme). Ar an iomlán, ní leor an próiseas forbartha cliniciúil agus na hantaibheathaigh a formheasadh le déanaí chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le teacht chun cinn agus leathadh méadaitheach FSFM. Toisc nár forbraíodh antaibheathaigh nua éifeachtacha agus nár cuireadh iad ar fáil, tá tionchar FSFM ag méadú tuilleadh; dá bhrí sin, tá géarghá le dreasachtaí nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

(24) Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún feabhas a chur ar ullmhacht agus ar fhreagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann i réimse na bhfrithbheart leighis, go háirithe trí ardtaighde agus trí fhorbairt ar fhrithbhearta leighis agus ar theicneolaíochtaí gaolmhara a chur chun cinn agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an mhargaidh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar chliseadh sa

33 https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2632.

mhargadh frithmhiocróbach, ar bhealach comhlántach leis an gcreat rialála is infheidhme maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus ba cheart dó forbairt agus inrochtaineacht frithbheart leighis atá ábhartha chun FSFM a chomhrac, lena n-áirítear ábhair fhrithmhiocróbacha nua agus seanábhair, diagnóisic agus vacsaíní in aghaidh pataiginí frithsheasmhacha a chur chun cinn.

(25) Ó bhí Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le FSFM ann, moladh roinnt tograí le haghaidh samhlacha eacnamaíocha nua chun ábhair fhrithmhiocróbacha nua a thabhairt ar an margadh, lena n-áirítear i gconclúidí JAMRAI[34], inar leagadh amach an 31 Márta 2021 'straitéis chun dreasachtaí iltíre a chur chun feidhme san Eoraip chun nuálaíocht agus rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha a spreagadh'[35].

(26) Choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar dar teideal '*bringing AMR Medical Counter Measures on the market*'[36] [frithbhearta leighis FSFM a thabhairt chuig an margadh] ina n-ionsamhlaítear ceithre chineál sásraí tarraingthe a bhfuil méid éagsúil airgeadais acu chun rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha a áirithiú: ráthaíocht ioncaim, luach saothair iontrála sa mhargadh mar aon le ráthaíocht ioncaim, luach saothair iontrála cnapshuime sa mhargadh agus íocaíochtaí clochmhíle, agus roghanna maidir lena gcur chun feidhme ar leibhéal an Aontais a chur ar fáil.

(27) Le clár oibre EU4Health 2023[37] cuirtear infheistíocht shuntasach ar fáil chun FSFM a chomhrac, go háirithe tríd an ngníomhaíocht shonrach '*Support innovation and access to antimicrobials*'[38] [Tacú leis an nuálaíocht agus le rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha']. Leis sin, beifear in ann líonra a chruthú a thacóidh leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun soláthar/soláthar frithbheart leighis agus acmhainní cúltaca a ullmhú agus a chur chun feidhme chun frithbhearta leighis spriocdhírithe FSFM a tháirgeadh nó a rochtain.

(28) Tá gníomhaíochtaí maidir le taighde agus nuálaíocht a fhaigheann tacaíocht ó na cláir Fís 2020 agus Fís Eorpach ríthábhachtach chun bearta i gcoinne FSFM a fhorbairt, a mheas agus a chur chun feidhme. Tá tacaíocht agus comhoibriú leanúnach ríthábhachtach i gcónaí chun tionchar an taighde agus na nuálaíochta a neartú chun ionfhabhtuithe arb iad pataiginí frithsheasmhacha is cúis leo a bhrath, a chosc agus a chóireáil agus ba cheart iad a áirithiú.

(29) Is uirlisí cumhachtacha cost-éifeachtacha iad vacsaíní chun galair theagmhálacha a chosc i measc daoine agus i measc ainmhithe araon, agus dá bhrí sin tá sé d'acmhainn acu srian a chur le leathadh ionfhabhtuithe FSFM agus úsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú. Is gá, dá bhrí sin, úsáid vacsaínithe, mar aon le forbairt vacsaíní, a n-infhaighteacht agus rochtain orthu a chur chun cinn.

(30) Tá comhar trasearnála na mBallstát agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear beartais agus gníomhaíochtaí FSFM Aon Sláinte Amháin chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus tá sé beartaithe

---

[34] https://eu-jamrai.eu/.

[35] https://eu-jamrai.eu/wp-content/uploads/2021/03/EUjamrai_D9.2_Strategy-for-a-multi-country-incentive-in-Europe_INSERM-FHI.pdf.

[36] An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, *Study on bringing AMR medical countermeasures to the market:* [Staidéar ar fhrithbhearta leighis FSFM a thabhairt chuig an margadh:] *final report* [tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2925/442912.

[37] https://health.ec.europa.eu/publications/2023-eu4health-work-programme_en.

[38] https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-11/wp2023_annex_en.pdf.

an comhar sin a fheabhsú, go háirithe trí Líonra an Aontais Aon Sláinte Amháin maidir le FSFM[39].

(31) Ba cheart ardleibhéal comhair idir Gníomhaireachtaí an Aontais (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)[40], an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)[41] agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)[42] a threisiú agus a leathnú chun an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)[43] agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)[44] a áireamh, chun freagairt chomhleanúnach, Aon Sláinte Amháin agus fianaise-bhunaithe a áirithiú maidir le FSFM.

(32) Tosaíocht i Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh[45] is ea FSFM a chomhrac i gcomhthéacs chur chuige na hAon Sláinte Amháin, lena n-áirítear trí fhorálacha nithiúla maidir le FSFM a chur san áireamh i gcomhthéacs na caibidlíochta faoi chomhaontú idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag EDS maidir le paindéimí a chosc, ullmhacht agus freagairt[46]. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an aird dhomhanda ar FSFM, tá gá le comhar idirnáisiúnta a chothú, chun freagairt chomhordaithe ón gcomhphobal domhanda agus tacaíocht leordhóthanach a áirithiú a bheidh príomhshruthaithe i dtreo tosaíochtaí arna mbunú ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh iarrachtaí maoinithe, taighde agus beartais. I ndáil leis sin, ba cheart comhar feabhsaithe a dhéanamh, go háirithe i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe, G7, G20 agus leis na heagraíochtaí cheithrepháirteacha (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO)[47], Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)[48], an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH)[49] agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS)[50]).

(33) Ba cheart faireachán rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2017 FSFM agus an Mholta seo chun an dul chun cinn i dtreo bhaint amach a gcuspóirí a thomhas agus bearnaí sna hiarrachtaí chun dul i ngleic le FSFM a shainaithint.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## *A. Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne FSFM*

Iarrtar ar na Ballstáit:

1. Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne FSFM ('Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta') a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus a chur chun feidhme faoin [1

39 https://health.ec.europa.eu/antimicrobial-resistance/events_en?f%5B0%5D=topic_topic%3A173.
40 https://www.efsa.europa.eu/eu.
41 https://www.ecdc.europa.eu/en.
42 https://www.ema.europa.eu/en.
43 https://www.eea.europa.eu/about-us.
44 https://echa.europa.eu/.
45 https://health.ec.europa.eu/system/files/2023-02/international_ghs-report-2022_en.pdf.
46 https://www.who.int/news-room/questions-and-answers/item/pandemic-prevention--preparedness-and-response-accord.
47 https://www.fao.org/home/en.
48 https://www.unep.org/.
49 https://www.woah.org/en/home/.
50 https://www.who.int/.

bhliain tar éis ghlacadh an Mholta ón gComhairle], bunaithe ar chur chuige na hAon Sláinte Amháin agus i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus Dearbhú 2016 ó chruinniú ardleibhéil na Náisiún Aontaithe den Chomhthionól Ginearálta maidir le FSFM.

Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

a. a áirithiú go mbeidh tosaíocht ag a gcórais sláinte náisiúnta sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta lena ndéantar FSFM a chomhrac agus úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn.

b. a áirithiú go n-áireofar sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta comhordú, cur chun feidhme agus pleananna faireacháin idir earnálacha agus sásraí chun a rialachas éifeachtach a áirithiú;

c. a áirithiú go n-áireofar sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta bearta sonracha chun spriocanna intomhaiste uileghabhálacha, módúlachtaí cur chun feidhme agus táscairí a bhaint amach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear na spriocanna atá leagtha amach i roinn E den Mholadh seo;

d. a áirithiú go dtagraíonn na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta do na gnéithe ábhartha de Phleananna Straitéiseacha an Chomhbheartais Talmhaíochta chun FSFM a chomhrac;

e. a áirithiú go n-áireofar sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta bearta fianaise-bhunaithe chun leathadh FSFM sa chomhshaol a chosc, faireachán a dhéanamh air agus é a laghdú; agus

f. acmhainní iomchuí daonna agus airgeadais a leithdháileadh chun na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme go héifeachtach.

2. Meastóireacht a dhéanamh, gach 2 bhliain, ar thorthaí na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus gníomhartha a dhéanamh chun dul i ngleic le torthaí na meastóireachtaí sin agus ionchuir ábhartha eile, agus torthaí nua agus treochtaí atá ag teacht chun cinn á gcur san áireamh an tráth céanna.

3. A áirithiú go gcuirfear Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus meastóireacht rialta ar a dtorthaí ar fáil go poiblí laistigh de 6 mhí tar éis an mheastóireacht a chur i gcrích.

## *B.* ***<u>Faireachas agus faireachán ar FSFM agus ar thomhaltas frithmhiocróbach (AMC)</u>***

<u>Iarrtar ar na Ballstáit:</u>

4. Bearnaí faireachais agus faireacháin atá ann cheana a dhúnadh agus iomláine na sonraí a áirithiú, faoi 2030, maidir le FSFM agus AMC ar gach leibhéal (*e.g.* saoráidí pobail, ospidéil agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh) chun tacú le húsáid stuama ábhar frithmhiocróbach i sláinte an duine, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. a áirithiú go gcuimsíonn faireachas ar FSFM i mbaictéir ó dhaoine ní hamháin aonraígh srutha fola agus aonraígh sreabháin cheirbreadhromlaigh (aonraígh ionracha) ach freisin gach aonraíoch eile ó shaotharlanna micribhitheolaíochta cliniciúla, agus go ndéantar na sonraí comhfhreagracha a thuairisciú go rialta do ECDC chun scála agus leathadh pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh

ábhair fhrithmhiocróbacha laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát a bhrath agus a thomhas ar bhealach níos fearr;

b. a cheangal, maidir le hionfhabhtuithe arb iad orgánaigh ríthábhachtacha atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí is cúis leo, gur galair infhógartha iad faoi reachtaíocht náisiúnta, *e.g. Acinetobacter baumannii* atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí, Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí (*e.g. Klebsiella pneumoniae*, *Escherichia coli*) agus *Candida auris*;

c. faireachas ar FSFM i ndaoine a leathnú chun pataiginí a chumhdach a bhfuil FSFM atá ag teacht chun cinn nó FSFM bunaithe acu, mar gheall ar a dteagmháil le substaintí sa chomhshaol, go háirithe na substaintí sin a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí nó i dtáirgí bithicídeacha;

d. sonraí a bhailiú maidir le hoideasú ábhar frithmhiocróbach i measc daoine ar na leibhéil iomchuí, *inter alia*, trí oidis leictreonacha a úsáid, chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar oideas frithmhiocróbach agus chun aiseolas a sholáthar maidir le treochtaí agus patrúin oidis lena mbaineann, i measc nithe eile, oideasóirí, cógaiseoirí agus páirtithe eile a bhailíonn sonraí den sórt sin;

e. córais chomhtháite a fhorbairt chun faireachas a dhéanamh ar FSFM agus AMC lena gcuimsítear sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, bia, fuíolluisce agus an comhshaol (go háirithe uisce agus ithir). Ní mór faireachán comhtháite agus leanúnach den sórt sin a dhearadh chun ráigeanna a bhrath go héifeachtúil agus go tapa ach chomh maith céanna a mhéid a bhaineann le dobharlaigh ithreach agus uisce chun a chinneadh an ann do ghéinte FSFM, na treochtaí agus a dtocsaineacht. Ní mór torthaí an fhaireachais sin a bheith mar bhonn eolais do straitéisí éifeachtacha chun dul i ngleic le FSFM ar fud na n-earnálacha.

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:</u>

5. Leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar bhonn tuairimí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) ar ghalair ainmhithe arb iad baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha is cúis leo, chun a fháil amach an gá aon cheann de na galair sin a liostú i Rialachán (AE) 2016/429[51] d'fhonn iad a aicmiú le haghaidh aon fhaireachas rialála, aon bheart rialaithe nó aon bheart bainistithe eile.

***C. <u>Ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú</u>***

<u>Iarrtar ar na Ballstáit:</u>

6. A áirithiú go ndéanfar bearta chun ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú i sláinte an duine a chur chun feidhme agus go ndéanfar faireachán leanúnach orthu chun rannchuidiú le leathadh pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a theorannú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

[51] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in- tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 084, 31.3.2016, lgh. 1).

a. cosc agus rialú ionfhabhtuithe a neartú i suíomhanna cúraim sláinte agus i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

– príomhinniúlachtaí a áirithiú maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú/maidir le gairmithe sláinteachais ospidéil;

– acmhainní leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh cláir um ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú;

– rialú cáilíochta:

– faireachas;

– treoirlínte cuí a fhorbairt; agus

– gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna.

b. bonneagair ospidéil atá ann cheana a uasghrádú chun ardleibhéal coiscthe agus rialaithe ionfhabhtaithe a áirithiú;

c. naisc láidre a áirithiú le sábháilteacht othar agus le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc, lena n-áirítear seipsis, go háirithe trí fheabhas a chur ar an oiliúint a chuirtear ar phearsanra cúraim sláinte agus trí thacaíocht mhicribhitheolaíoch ar ardchaighdeán agus taifid d’othair a áirithiú;

d. a áirithiú go gcuirfear oiliúint leanúnach maidir le heolas ar ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú ar gach pearsanra i saoráidí pobail, in ospidéil agus i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh;

e. cláir náisiúnta imdhíonta a fhorbairt agus a chur chun feidhme go hiomlán agus bearta a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú ar bhonn Moladh ón gComhairle an 7 Nollaig 2018 maidir leis an gComhar Neartaithe i gcoinne Galair Inchoiscthe Vacsaíní[52].

7. Bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar shláinte agus ar leas bia-ainmhithe chun tarlú agus leathadh galar tógálach san fheirmeoireacht a laghdú agus chun an gá le húsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú ina dhiaidh sin, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

a. tréidlianna agus gníomhaithe ábhartha eile a spreagadh chun comhairle a chur ar fheirmeoirí maidir le bearta coisctheacha agus rialaithe i gcoinne galair thógálacha;

b. glacadh beart bithshlándála agus beart um ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú ar fheirmeacha a spreagadh;

c. úsáid a bhaint as an tacaíocht atá ar fáil i gcomhthéacs an chomhbheartais talmhaíochta chun gníomhaíochtaí coisctheacha a chur chun feidhme i gcoinne galair thógálacha[53] a théann níos faide ná íoscheanglais dlí an AE;

---

52 Moladh 2018/C 466/01 ón gComhairle an 7 Nollaig 2018 maidir leis an gComhar Neartaithe i gcoinne Galair Inchoiscthe Vacsaíní (IO C 466, 28.12.2018, lgh. 1).

53 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1)..

d. úsáid a bhaint as an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (2021-2027)[54] le haghaidh tionscadail a áirítear sna cláir náisiúnta, agus i gcomhréir leis na rialacha incháilitheachta arna sainiú ag na Ballstáit lena mbaineann;

e. gníomhaíochtaí na mBallstát a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na 'Treoirlínte straitéiseacha le haghaidh dobharshaothrú níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san Aontas don tréimhse 2021 go 2030' a chur chun feidhme[55];

f. teicnící phóraithe a spreagadh[56] sa dobharshaothrú chun tréithchineálacha atá frithsheasmhach in aghaidh galar a fhorbairt, mar rannchuidiú le húsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú;

g. úsáid vacsaínithe a chur chun cinn, lena n-áirítear sa dobharshaothrú, agus roghanna malartacha chun cabhrú le galair áirithe a chosc agus úsáid neamhriachtanach ábhar frithmhiocróbach a sheachaint;

h. forbairt agus úsáid breiseán beatha nuálach a chur chun cinn;

i. bearta spriocdhírithe a fhorbairt de réir earnála a luaithe a bheidh sonraí maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach de réir speicis bia-ainmhithe ar fáil faoi Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2019/6.

8. Dea-chleachtais bhainistithe aoiligh atá bunaithe ar fhianaise agus dea-chleachtais bainistithe sloda séarachais a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar a gcur i bhfeidhm sa talmhaíocht chun teagmháil comhshaoil le substaintí a bhfuil airíonna frithmhiocróbacha acu agus le deitéarmanaint FSFM a laghdú.

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>

9. Forbairt a dhéanamh ar threoirlínte an Aontais um ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú maidir le sláinte an duine, go háirithe le haghaidh ospidéil agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh faoi [3 bliana tar éis ghlacadh an Mholta ón gComhairle].

***D. <u>Maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach</u>***

<u>Iarrtar ar na Ballstáit:</u>

10 A áirithiú go gcuirfear bearta chun feidhme maidir le sláinte an duine chun tacú le húsáid stuama oibreán frithmhiocróbach, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

a. aon treoirlíne de chuid an Aontais maidir le cóireáil ionfhabhtuithe coiteanna agus maidir le próifiolacsas imobráide a chur chun feidhme agus a oiriúnú do chúinsí náisiúnta i gcás inar gá, chun na cleachtais is fearr a urramú agus an úsáid stuama a bhaintear as ábhair fhrithmhiocróbacha a optamú;

---

54 https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/funding/emfaf_en.

55 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, Treoirlínte straitéiseacha le haghaidh dobharshaothrú níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san Aontas don tréimhse 2021 go 2030 (2021) 236 final.

56 Teicnící innealtóireachta DNA atá teoranta do speicis a úsáid a bhfuil measúnú riosca déanta orthu agus toradh fabhrach leis.

b. bearta a cheapadh le haghaidh gairmithe sláinte chun a áirithiú go gcloíonn siad le treoirlínte maidir le húsáid stuama; agus

c. glacadh tástálacha diagnóiseacha a spreagadh agus tacú leo, go háirithe i gcúram príomhúil, chun an chóireáil fhrithmhiocróbach a optamú.

11. Cláir a bheith i bhfeidhm acu chun ábhair fhrithmhiocróbacha nár úsáideadh, atá imithe in éag agus iarsmaí d'ábhar frithmhiocróbach ón bpobal, ó ospidéil agus ó shaoráidí cúraim fhadtéarmaigh, ó fheirmeacha agus ó sholáthraithe cógas tréidliachta, a bhailiú agus a dhiúscairt go sábháilte.

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>

12. Oibriú chun treoirlínte an Aontais a fhorbairt maidir le cóireáil a chur ar mhór-ionfhabhtuithe coitianta i measc daoine agus maidir le próifiolacsas imobráide i measc daoine, lena n-áireofaí faisnéis maidir le húsáid tástálacha diagnóiseacha leordhóthanacha, an gá atá le hantaibheathaigh, rogha antaibheathaigh iomchuí (más gá), an dáileog agus na heatraimh dáileoige, agus fad na cóireála/próifiolacsais, agus an cleachtas is fearr atá ar fáil, infhaighteacht antaibheathach agus an gá atá lena áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr agus is stuama astu á gcur san áireamh. Agus na treoirlínte sin á bhforbairt, ba cheart leabhar feasach antaibheathach EDS[57] a chur san áireamh agus ba cheart dlúthchomhar le sochaithe gairmiúla Eorpacha agus náisiúnta a áirithiú.

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle a bhfuil beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh agus iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>

13. An riosca go bhforbrófar frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha daonna agus tréidliachta ó úsáid táirgí cosanta plandaí nó táirgí bithicídeacha a mheas, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, mar chuid den mheastóireacht sábháilteachta agus den chinnteoireacht ar na táirgí sin~~,~~ agus, más gá, coinníollacha nó srianta iomchuí úsáide a chur chun feidhme do na táirgí lena mbaineann.

***E. <u>Spriocanna molta maidir le tomhaltas frithmhiocróbach agus le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha</u>***

<u>Iarrtar ar na Ballstáit:</u>

14. Bearta náisiúnta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú, faoi 2030, go ndéanfar laghdú 20 % san Aontas ar thomhaltas iomlán antaibheathach i measc daoine (i nDáileoig Laethúil Sainmhínithe in aghaidh an 1 000 áitritheoir in aghaidh an lae), in earnáil an phobail agus in earnáil na n-ospidéal le chéile, lena n-áirítear i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh.

15. Bearta náisiúnta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú, faoi 2030, maidir le 65 % ar a laghad de thomhaltas iomlán antaibheathach i measc daoine, go mbaineann siad leis an ngrúpa ‘Access’ d’antaibheathaigh mar a shainítear in aicmiú ‘AWaRe’ EDS[58].

---

57 https://www.who.int/publications/i/item/WHO-MHP-HPS-EML-2022.02.

58 https://www.who.int/publications/i/item/2021-aware-classification.

16. Bearta náisiúnta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar, faoi 2030, laghdú 15 % ar mhinicíocht iomlán na n-ionfhabhtuithe srutha fola le *Staphylococcus aureus* atá frithsheasmhach in aghaidh meiticilline (MRSA) (líon in aghaidh 100,000 duine), san Aontas i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2019.

17. Bearta náisiúnta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar, faoi 2030, laghdú 10 % ar mhinicíocht iomlán na n-ionfhabhtuithe srutha fola le *Escherichia* coli atá frithsheasmhach in aghaidh ceifileaspóiríní den tríú glúin (líon in aghaidh 100,000 daonra) san Aontas, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2019.

18. Bearta náisiúnta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar, faoi 2030, laghdú 5 % ar mhinicíocht iomlán na n-ionfhabhtuithe srutha fola le niúmóine Klebsiella atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí (líon in aghaidh 100,000 daonra) san Aontas, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2019.

Cuirtear i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo rannchuidithe a mholtar do na Ballstáit aonair chun spriocanna sin an Aontais a bhaint amach.

19. Táscairí a bhunú a thacódh leis na spriocanna molta a bhaint amach chomh maith le spriocanna maidir le gnéithe eile a bhaineann le FSFM amhail rialú ionfhabhtaithe, maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha, cleachtais oidis agus oiliúint.

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle a bhfuil beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh agus iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>

20. Bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun rannchuidiú le sprioc an Phlean Gníomhaíochta 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a bhaint amach, is é sin laghdú 50 % ar dhíolacháin fhoriomlána na n-ábhar frithmhiocróbach a úsáidtear le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe agus sa dobharshaothrú faoi 2030.

## *F.* ***<u>Feasacht, oideachas agus oiliúint</u>***

<u>Iarrtar ar na Ballstáit:</u>

21. A áirithiú, i gcomhar le hinstitiúidí ardoideachais agus gairmiúla chomh maith le páirtithe leasmhara, a mhéid a bhaineann le, *inter alia*, leigheas, leis an altranas, leis an gcógaisíocht, leis an bhfiaclóireacht, leis an tréidliacht, le coláistí talmhaíochta agus leis na heolaíochtaí agranamaíocha, go n-áirítear ina gcláir oideachais agus curaclaim leanúnacha oiliúint agus inniúlacht trasearnála éigeantach maidir le FSFM, maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú, maidir le rioscaí comhshaoil, maidir leis an mbithshlándáil, agus maidir le maoirseacht ábhar frithmhiocróbach, lena n-áirítear úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach, de réir mar is iomchuí.

22. Feasacht a mhúscailt i measc na ngairmithe poiblí agus sláinte atá ag obair in earnálacha sláinte an duine agus na tréidliachta maidir le cláir a bheith ann chun ábhair fhrithmhiocróbacha nár úsáideadh, atá imithe in éag agus iarsmaí d'ábhar frithmhiocróbach a bhailiú agus a dhiúscairt go sábháilte agus maidir le tábhacht na gclár sin chun FSFM a chosc.

23. Cumarsáid agus ardú feasachta maidir le FSFM agus úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach a mhéadú agus a fheabhsú chun eolas agus athrú iompraíochta a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas:

    a. faisnéis a thugtar cothrom le dáta go rialta a sholáthar do ghairmithe atá ag obair in earnálacha sláinte an duine, na tréidliachta agus na hagranamaíochta

maidir le FSFM ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil chomh maith le hábhair faisnéise maidir le FSFM agus an tábhacht a bhaineann le hionfhabhtú a chosc agus a rialú go héifeachtach, le rioscaí comhshaoil, le bithshlándáil agus le maoirseacht ar ábhair fhrithmhiocróbacha, lena n-áirítear úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach;

b. gníomhaíochtaí múscailte feasachta poiblí agus feachtais chumarsáide ar mhórscála maidir le FSFM a fhorbairt, go háirithe maidir lena chosc trí shláinteachas, go háirithe sláinteachas láimhe, agus úsáid stuama a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha ar an leibhéal náisiúnta;

c. feachtais chumarsáide spriocdhírithe a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt i ngrúpaí sonracha den daonra, agus úsáid á baint as modhanna agus bealaí cumarsáide iomchuí do na grúpaí sonracha sin.

24. Eolas a chomhroinnt agus comhordú a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus na feachtais chumarsáide thuasluaite, idir an Coimisiún, na Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus na comhlachtaí ábhartha eile, chun a dtionchar a uasmhéadú.

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:</u>

25. Tacú le gníomhaíochtaí múscailte feasachta na mBallstát maidir le FSFM agus le húsáid stuama ábhar frithmhiocróbach agus iad a chomhlánú trí ghníomhaíochtaí cumarsáide uile-Eorpacha nuair is ábhartha.

26. Tacú leis na Ballstáit maidir le hoiliúint leanúnach agus foghlaim ar feadh an tsaoil na ngairmithe atá ag obair in earnálacha sláinte an duine, na tréidliachta agus na hagranamaíochta maidir leis an mbagairt a bhaineann le FSFM agus lena chosc i gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin trí dheiseanna oiliúna amhail an tionscnamh maidir le hOiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte[59].

***G. <u>Taighde agus forbairt agus dreasachtaí le haghaidh nuálaíochta agus rochtana ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar fhrithbhearta leighis eile FSFM;</u>***

<u>Is díol sásaimh don Chomhairle a bhfuil beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh agus tugtar cuireadh do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>

27. Tacú le taighde agus nuálaíocht theicneolaíoch chun ionfhabhtuithe i measc daoine de bharr pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a bhrath, a chosc agus a chóireáil, lena n-áirítear comhpháirtíocht Eorpach a bhunú agus infheistíocht shuntasach a dhéanamh inti chun go bhféadfar taighde agus nuálaíocht trasearnála a chomhordú, a ailíniú agus a chistiú maidir le 'hAon Sláinte Amháin FSFM'.

28. Forbairt agus inrochtaineacht ábhar frithmhiocróbach agus frithbheart leighis eile a chur chun cinn atá ábhartha chun FSFM i measc daoine a chomhrac, go háirithe tástálacha diagnóiseacha agus vacsaíní atá dírithe ar phataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

---

59 https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/official-controls-and-enforcement/legislation-official-controls/better-training-safer-food_en.

Chuige sin, is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a. tacú leis na Ballstáit pataiginí tosaíochta atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a shainaithint, frithbhearta leighis FSFM atá ann cheana, atá ar na bacáin agus atá in easnamh a mhapáil, agus próifílí sprioctháirgí a shainiú;

b. tacú le taighde agus forbairt ar fhrithbhearta leighis FSFM, go háirithe trí chomhordú a dhéanamh ar chistiú do thaighde aistritheach agus d'fhorbairt céimeanna déanacha frithbheart leighis FSFM, lena n-áirítear trialacha cliniciúla ar ábhair fhrithmhiocróbacha;

c. feabhas a chur ar leanúnachas soláthair ábhar frithmhiocróbach agus frithbheart leighis FSFM eile san Aontas, go háirithe trí thacú le tionscnaimh na mBallstát agus iad a chomhordú maidir le monarú, soláthar agus stoc-charnadh;

d. réamhaisnéis éilimh a fheabhsú, leochaileachtaí sa slabhra soláthair antaibheathach a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu, agus gníomhaíochtaí stoc-charntha spriocdhírithe antaibheathach a chur chun feidhme chun ganntanais a sheachaint.

29. Rannchuidiú le dearadh agus le rialachas scéime dreasachta tarraingthe iltíre de chuid an Aontais chun nuálaíocht, forbairt agus rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha a fheabhsú. D'fhéadfadh scéim den sórt sin a bheith i bhfoirm ráthaíochta ioncaim, luaíochtaí iontrála sa mhargadh mar aon le ráthaíocht ioncaim, luaíochtaí iontrála sa mhargadh cnapshuime nó íocaíochtaí clochmhíle. Ba cheart é a chur chun feidhme ar bhealach comhlántach leis an gcreat rialála is infheidhme maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine.

30. Acmhainní a chomhthiomsú, gníomhaíochtaí comhoibríocha a dhéanamh, ranníocaíochtaí a dhéanamh le cur chun feidhme na scéime dreasachta tarraingthe, agus gealltanas a thabhairt a bheith rannpháirteach sa líonra[60] dá dtagraítear faoi chlár oibre EU4Health 2023.

31. Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an scéim agus ar a tionchar ar fhorbairt agus ar inrochtaineacht ábhar frithmhiocróbach.

32. Forbairt agus cur ar an margadh roghanna malartacha ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus vacsaíní do shláinte ainmhithe a dhreasú.

## *H. Comhar*

Iarrtar ar na Ballstáit:

33. Sonraí maidir le FSFM agus maidir le tomhaltas frithmhiocróbach a thuairisciú don Chóras Domhanda um Fhaireachas agus um Fhaireachas in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha (GLASS)[61].

34. Deiseanna a ghlacadh maidir leis na cruinnithe rialta de Líonra an Aontais FSFM 'Aon Sláinte Amháin' agus le coistí agus meithleacha ábhartha eile ina bpléitear FSFM chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

---

60 CP-p-23-16 Tacú leis an nuálaíocht agus le rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha.

61 https://www.who.int/initiatives/glass.

a. feabhas a chur ar an gcomhar eatarthu, agus leis an gCoimisiún, le Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus le páirtithe leasmhara, gairmithe agus saineolaithe FSFM;

b. dea-chleachtais a mhalartú, go háirithe maidir le bearta chun a áirithiú go gcloíonn gairmithe cúraim sláinte le treoirlínte maidir le húsáid stuama;

c. Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le FSFM agus tuarascálacha agus meastóireachtaí cur chun feidhme gaolmhara a chomhroinnt le chéile, leis an gCoimisiún agus le Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus athbhreithniú piaraí ar na doiciméid sin a chumasú.

35. Feabhas a chur ar an gcomhar maidir le FSFM idir gairmithe atá ag obair in earnálacha sláinte an duine, na tréidliachta agus na hagranamaíochta agus le páirtithe leasmhara, d'fhonn cur chuige na hAon Sláinte Amháin maidir le FSFM a fheabhsú.

Is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

36. Feabhas a chur ar an gcomhar maidir le FSFM idir EFSA, EMA, ECDC, EEA agus ECHA agus an cur chuige Aon Sláinte Amháin maidir le FSFM a threisiú trí mheitheal idirghníomhaireachta FSFM. Déanfaidh an mheitheal an méid seo a leanas:

a. ardán éifeachtach a chur ar fáil chun cruinnithe rialta a thionól chun malartú faisnéise maidir le FSFM a áirithiú agus chun iarrataí agus sainorduithe atá ar na bacáin a phlé; agus

b. oibriú i dtreo comhtháthú sonraí faireachais ar fud na n-earnálacha.

37. Creat faireacháin a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na torthaí a baineadh amach maidir le Plean Gníomhaíochta 2017 FSFM agus an Moladh seo a chur chun feidhme.

## *I.* ***Domhanda***

Is díol sásaimh don Chomhairle a bhfuil beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh agus tugtar cuireadh do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

38. Tacú le forbairt caighdeán ag na Comhlachtaí Idirnáisiúnta Socruithe Caighdeánacha, agus le cur chun feidhme na gcaighdeán sin ag tríú tíortha, go háirithe ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

a. le haghaidh caighdeáin agus treoirlínte níos uaillmhianaí WOAH maidir le húsáid fhreagrach agus stuama oibreán frithmhiocróbach sa tréidliacht, rud a léireoidh an gá atá le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid ábhar frithmhiocróbach chun fás a chur chun cinn nó an táirgeacht i gcás ainmhithe a mhéadú ar scála domhanda;

b. chun treoir a fhorbairt maidir le húsáid stuama oibreán frithmhiocróbach chun críoch fíteashláintíochta ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí[62];

c. chun an Cód Cleachtais athbhreithnithe Codex Alimentarius *Code of Practice to Minimize and Contain Foodborne Antimicrobial Resistance*[63] [Cód

[62] https://www.ippc.int/en/.

Cleachtais chun an Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair Fhrithmhiocróbacha Bia-iompartha a Íoslaghdú agus a Shrianadh] agus na *Guidelines on Integrated Monitoring and Surveillance of Foodborne Antimicrobial Resistance*[64] [Treoirlínte maidir le Faireachán agus Faireachas Comhtháite ar an bhFrithsheasmhacht in aghaidh ábhair Fhrithmhiocróbacha Bia-iompartha] a chur chun feidhme.

39. Oibriú i dtreo forálacha nithiúla maidir le FSFM a chuimsiú i gcomhréir le cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir le comhaontú idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag EDS maidir le paindéimí a chosc, le hullmhacht ina leith agus le freagairt dóibh[65].

40. Tacú le tionscnaimh EDS chun treoir a ullmhú maidir leis an gcaoi ar cheart dea-chleachtais mhonaraíochta a chur chun feidhme i dtaca le bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce i gcomhthéacs ábhair fhrithmhiocróbacha a tháirgeadh tar éis chinneadh Bhord Feidhmiúcháin EDS an 30 Samhain 2018 maidir leis an ábhar sin[66].

41. Tacú le FSFM mar ardtosaíocht pholaitiúil i suíomhanna G7 agus G20, as a dtiocfaidh gealltanais uaillmhianacha ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear treoirphrionsabail a bhunú agus a mholadh chun go gcomhroinnfear go cothrom, i measc thíortha G20 nó G7, an t-ualach airgeadais a eascraíonn as dreasachtaí tarraingthe maidir le hábhair fhrithmhiocróbacha.

42. Tacú le comhdháil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe maidir le FSFM in 2024 chun gealltanais dhomhanda a ardú chun aghaidh a thabhairt ar FSFM, lena n-áirítear *inter alia* i dtaca le spriocanna maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach, ag tógáil ar fhorógra Aireacht Muscat maidir le FSFM.

43. Tacú le 'Ardán Comhpháirtíochta Il-Pháirtithe Leasmhara' de chuid an Ceithrepháirteach maidir le FSFM[67], agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann, chun cabhrú le fís dhomhanda chomhroinnte a bhunú agus chun comhdhearcadh níos mó a fhorbairt maidir le FSFM.

44. Acmhainneacht forbartha a chur ar fáil agus tacú le gníomhaíochtaí FSFM i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

    a. a bheith rannpháirteach i dTionscnamh Fhoireann na hEorpa leis an Afraic maidir le slándáil inbhuanaithe sláinte trí úsáid a bhaint as cur chuige 'Aon Sláinte Amháin'[68], lena ndírítear go háirithe ar rannchuidiú le dul i ngleic le FSFM;

---

63 https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FStandards%252FCXC%2B61-2005%252FCXC_061e.pdf.

64 https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/ar/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FStandards%252FCXG%2B94-2021%252FCXG_94e.pdf.

65 https://www.who.int/news-room/questions-and-answers/item/pandemic-prevention--preparedness-and-response-accord.

66 https://apps.who.int/gb/ebwha/pdf_files/EB144/B144_19-en.pdf.

67 https://www.fao.org/antimicrobial-resistance/quadripartite/the-platform/en/.

68 https://europa.eu/capacity4dev/tei-jp-tracker/tei/sustainable%C2%A0health-security-africa.

b. tacú le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta FSFM Aon Sláinte Amháin a chur chun feidhme i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, go háirithe trí Chiste Iontaobhais Ilpháirtí na Náisiún Aontaithe maidir le FSFM[69];

c. rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le galair thógálacha agus le FSFM i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim amhail tríd an gComhpháirtíocht maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha (Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3)[70].

## *J.* ***Tuairisciú***

Is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

45. Tuairisciú don Choimisiún 4 bliana tar éis a ghlactha maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Mholta seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

69 https://mptf.undp.org/fund/amr00.

70 https://research-and-innovation.ec.europa.eu/research-area/health/edctp_en.